Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2024
(OR. en)

10580/24

LIMITE

UD 110
CODEC 1402
ENFOCUSTOM 81
ECOFIN 623
MI 558
COMER 90
TRANS 265
FISC 124
IA 131

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0156(COD)**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Nóta faisnéise ón Uachtaránacht maidir le gníomhaíochtaí reachtacha agus neamhreachtacha na Meithle um an Aontas Custaim lena n-áirítear an Togra le haghaidh Pacáiste Athchóirithe an Aontais Custaim |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo Nóta faisnéise ón Uachtaránacht maidir le gníomhaíochtaí reachtacha agus neamhreachtacha na Meithle um an Aontas Custaim lena n-áirítear an Togra le haghaidh Pacáiste Athchóirithe an Aontais Custaim.

Moltar do Choiste na mBuanionadaithe iarraidh ar an gComhairle an tuarascáil ón Uachtaránacht, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a thabhairt dá haire mar mhír ‘A’ ag cruinniú a bheidh aici amach anseo.

**IARSCRÍBHINN**

PUBLIC

# NÓTA FAISNÉISE ÓN UACHTARÁNACHT MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ REACHTACHA AGUS NEAMHREACHTACHA NA MEITHLE UM AN AONTAS CUSTAIM LENA nÁIRÍTEAR AN TOGRA LE hAGHAIDH PACÁISTE ATHCHÓIRITHE AN AONTAIS CUSTAIM

Tugtar forléargas sa nóta faisnéise (tuarascáil) seo ar na saothair agus na torthaí a bhaineann le hobair reachtach agus neamhreachtach na Meithle um an Aontas Custaim le linn théarma Uachtaránacht na Beilge, lena n-áirítear an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an Togra le haghaidh Pacáiste Athchóirithe an Aontais Custaim.

## I. Torthaí ón Meitheal um an Aontas Custaim maidir le tograí reachtacha agus neamhreachtacha

Bhí sé d'aidhm ag Uachtaránacht na Beilge an t-idirphlé tríthaobhach maidir leis an athmhúnlú ar an Rialachán maidir le hAirm Thine a thabhairt chun críche. An 14 Márta 2024 in Strasbourg, tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú sealadach i ndáil le rialacha nuashonraithe an Aontais maidir le hairm thine a allmhairiú, a onnmhairiú agus a iompar isteach san Aontas agus amach as. Dhearbhaigh Coreper an comhaontú sealadach an 18 Márta 2024 agus ghlac Parlaimint na hEorpa é an 23 Aibreán 2024.

Chomhordaigh an Mheitheal um an Aontas Custaim líon mór seasamh atá le glacadh laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) ar bhonn Airteagal 3(1)1 agus Airteagal 2(2) CFAE agus ar bhonn an Chinnidh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil leis an gcóras comhchuibhithe agus rinne sí cinntí ar bhonn Airteagal 218(9) CFAE d'fhonn seasamh an Aontais sna coistí agus sna fochoistí atá freagrach as cúrsaí custaim i gcomhaontuithe idirnáisiúnta éagsúla a chinneadh.

Scrúdaigh an Mheitheal um an Aontas Custaim an togra agus tháinig sí ar chomhaontú i ndáil leis an gCinneadh ón gComhairle maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an tríú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe sa Phrótacal ar mhaithe le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac a Dhíothú. Ghlac an Chomhairle an cinneadh seo an 29 Eanáir 2024 (mír A).

Scrúdaigh an Mheitheal um an Aontas Custaim an togra agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an gCinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa seachtú seisiún is seasca den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le substaintí a chur le liosta na substaintí i dTábla I de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha. Ghlac an Chomhairle an cinneadh an 12 Márta 2024 (mír A).

Scrúdaigh an Mheitheal um an Aontas Custaim an togra agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an nGníomh Tarmligthe lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le réamhtheachtaithe drugaí áirithe a chur le liosta na substaintí sceidealaithe. Ghlac an Chomhairle an Gníomh Tarmligthe seo an 12 Aibreán 2024 (mír A).

Scrúdaigh an Mheitheal um an Aontas Custaim an togra agus chomhaontaigh siad an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin. Ghlac an Chomhairle an cinneadh seo an 29 Aibreán 2024 (mír A).

PUBLIC

Scrúdaigh Meitheal um an Aontas Custaim an togra agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (táirgí áirithe gráin). Ghlac an Chomhairle an rialachán seo an 30 Bealtaine 2024 (mír A).

Scrúdaigh an Mheitheal um an Aontas Custaim an togra freisin agus ghlac sí an nuashonrú leathbhliantúil ar an Rialachán ón gComhairle lena n-osclaítear agus lena mbainistítear taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 agus an Rialachán ón gComhairle lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013. Cuirfear na rialacháin sin faoi bhráid na Comhairle lena nglacadh an 25 Meitheamh 2024 (mír A).

## II. Torthaí ón Meitheal um an Aontas Custaim maidir leis an Togra le haghaidh Pacáiste Athchóirithe an Aontais Custaim

### 1. <u>Réamhrá</u>

A mhéid a bhaineann le Pacáiste Athchóirithe an Aontais Custaim, ní mór a thabhairt chun cuimhne gur chuir an Coimisiún tograí chun cinn an 17 Bealtaine 2023 le haghaidh an athchóirithe is cuimsithí ar Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh ó bunaíodh é in 1968.

Thíolaic an Coimisiún Pacáiste le haghaidh Athchóiriú Custaim ina bhfuil na tograí seo a leanas:

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (9596/23 + ADD1 + ADD2 + ADD3 + ADD4).



PUBLIC

- Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a mhéid a bhaineann le cóireáil taraife shimplithe a thabhairt isteach do chiandíolacháin earraí agus Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur (9625/23 + ADD1).

- Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó tríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhú agus a íoc (9638/23).

2. **<u>Cuir i láthair agus plé sa Mheitheal um an Aontas Custaim</u>**

Lean Uachtaránacht na Beilge den chur chuige a comhaontaíodh in éineacht leis an Spáinn agus leis an Ungáir mar chomhaltaí den fhoireann trí Uachtaránacht. Dírítear leis an gcur chuige sin ar an anailís a ghrúpáil de réir bloic théamacha, a sainaithníodh mar seo a leanas de réir ábhar agus eilimintí éagsúla na dtograí atá sa Phacáiste um Athchóiriú Custaim:

- Próisis Chustaim;

- Ríomhthráchtáil;

- Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh;

- Bearta sriantacha, bainistiú géarchéime, comhar, bainistiú riosca agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh;

- Sáruithe custaim agus forálacha cothrománacha eile.

PUBLIC

Chaith Uachtaránacht na Beilge cuid mhór ama ar na bloic éagsúla a chur i láthair agus a anailísiú, le tacaíocht theicniúil ón gCoimisiún Eorpach.

Chuige sin, rinne Uachtaránacht na Beilge mar seo a leanas:

- ar an meán, tionóladh trí chruinniú rialta aon lae den Mheitheal um an Aontas Custaim in aghaidh na míosa (Eanáir – Feabhra – Márta), mar aon le cruinnithe breise a mhair 2 lá ó mhí Aibreáin ar aghaidh (sé chruinniú rialta in aghaidh na míosa ar an meán in Aibreán – Bealtaine – Meitheamh);

- seisiún faisnéise neamhfhoirmiúil a mhair 2 lá i mí Eanáir maidir leis na sreafaí oibre a bhaineann leis an bPacáiste um Athchóiriú Custaim;

- cruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cánach (cánachas indíreach) inar díríodh ar thionchar an Phacáiste um Athchóiriú Custaim ar chomhaid CBL an 9 Feabhra 2024;

- Cruinniú den Mheitheal um an Aontas Custaim d'Ard-Stiúrthóirí maidir le rialachas an Aontais Custaim (Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh) an 9 Aibreán 2024;

- Seimineár Ardleibhéil maidir le comhar custaim d'Ard-Stiúrthóirí Custaim an 22-24 Bealtaine 2024;

- agus Meitheal neamhfhoirmiúil um an Aontas Custaim inar tugadh deis do chónaidhmeanna Eorpacha a bhfís, a n-ionchais agus a n-ábhair imní maidir leis an bPacáiste um Athchóiriú Custaim a chur i láthair an 9-11 Meitheamh 2024.

PUBLIC

Ag cruinnithe na Meithle um an Aontas Custaim, rinne an Coimisiún (AS TAXUD) cur i láthair ar na hairteagail agus, ina dhiaidh sin, rinneadh plé, airteagal ar airteagal, ar na tograí reachtacha. Anuas ar na cruinnithe, phróiseáil Uachtaránacht na Beilge, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, níos mó ná 1 100 ceist mhionsonraithe i scríbhinn (Q&A). Leis an gcur chuige sin, tugadh deis leathan do na Ballstáit seasamh ar an gcéad léamh, barúlacha, ábhair imní agus amhras a chur in iúl maidir le hábhar an togra, agus tugadh an deis don Choimisiún chomh maith na príomhábhair imní sin a bhí ann ar dtús, agus an t-amhras ina leith a mhíniú agus freagairt a thabhairt orthu.

D'oibrigh Uachtaránacht na Beilge ar na bloic thógála uile, cé is moite den bhloc tógála maidir le ríomhthráchtáil; thug Uachtaránacht na Spáinne aghaidh air sin.

Leis an iarracht ollmhór a rinne Uachtaránacht na Beilge, bhíothas in ann cuid shuntasach den anailís ar Phacáiste Athchóirithe an Aontais Custaim a chur i gcrích agus mar thoradh air sin, tabharfar líon teoranta airteagal ar láimh d'Uachtaránacht inteachta na hUngáire d'fhonn leanúint leis an gcéad anailís.[1]

[1] Is ar Phróisis Chustaim agus ar Rialacha Cothrománacha a dhíreoidh na cruinnithe eile den Mheitheal um an Aontas Custaim (an 24 agus an 25 Meitheamh 2024).



PUBLIC

## 3. **Príomhthorthaí an chéad phlé**

Ag cruinnithe na Meithle um an Aontas Custaim (Ard-Stiúrthóirí Custaim), thug an Uachtaránacht faoi deara idirphlé cuiditheach i measc na mBallstát, a léirigh a bhfeasacht ar an ngá atá le creat dlíthiúil nua-aimseartha láidir a chur ar fáil don Aontas Custaim lena gcuirfear ar chumas na n-údarás custaim cosaint níos fearr a thabhairt do na saoránaigh agus don mhargadh aonair, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú.

Thairis sin, leagadh béim sna malartuithe ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an gcomhar, ar an gcomhordú agus ar rialachas TF i measc riaracháin chustaim náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an Aontas Custaim.

Agus na tuairimí éagsúla a cuireadh in iúl á n-urramú, tugann Uachtaránacht na Beilge dá haire go n-aithnítear go ginearálta go bhfuil gá le comhchuibhiú san Aontas Custaim, arb é is aidhm dó go ngníomhóidh custaim an Aontais mar aon ní amháin chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar na dúshláin a bhaineann le hathruithe ar iompar tomhaltóirí agus ar an tírdhreach lóistíochta nua. D’fhéadfaí Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a chruthú, mar a mhol an Coimisiún, mar bhealach amháin chun an cuspóir sin a bhaint amach agus is cosúil go dtacaíonn líon suntasach Ballstát leis an dá chumasóir sin. Mar sin féin, ní mór na coinníollacha, na cúraimí agus na feidhmiúlachtaí do Mhol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a fhiosrú ar bhealach níos mionsonraithe agus tá meastóireacht fós á déanamh ag na Ballstáit ar ról agus ar chuspóir Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh.

PUBLIC

I ndáil leis an méid sin, thug Uachtaránacht na Beilge dá haire na hábhair imní a chuir roinnt de na Ballstáit in iúl maidir leis an ngá atá le haird chuí a thabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta áirithe. Aithníonn an Uachtaránacht freisin an iarraidh go neartófaí ról na mBallstát i rialachas féideartha Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus a thábhachtaí atá sé go mbeadh an tÚdarás sin ag freastal ar na Ballstáit. Ag féachaint chun cinn, creideann Uachtaránacht na Beilge go mbeadh sé tairbheach leanúint den phlé teicniúil sa Mheitheal um an Aontas Custaim. Ar an gcaoi sin, beifear in ann measúnú críochnúil a dhéanamh ar na himpleachtaí praiticiúla agus ar na tairbhí féideartha a bhaineann le hÚdarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh a bhunú, agus tuairimí na mBallstát uile á gcur san áireamh. Tugann Uachtaránacht na Beilge dá haire freisin nach mór cuid de na topaicí a phlé laistigh de mheithleacha eile, i.e. an Mheitheal um Cheisteanna Cánach agus an Mheitheal um Acmhainní Dílse.

Rannchuidigh Uachtaránacht na Beilge ar bhealach cothrom leis an bplé teicniúil maidir leis an bPacáiste um Athchóiriú Custaim sa Mheitheal um an Aontas Custaim, tá dul chun cinn suntasach déanta aici maidir leis an bplé sin agus tá sí tiomanta i gcónaí leanúint de na hiarrachtaí sin a choinneáil ar bun le linn na gcéimeanna deiridh. Tá muinín ag Uachtaránacht na Beilge as na chéad chéimeanna eile den phlé a chur de chúram ar Uachtaránacht inteachta na hUngáire, ag tógáil ar an idirphlé cuiditheach a tugadh faoi deara.

Chun críocha faisnéise, tugann Uachtaránacht na Beilge staid na himeartha maidir leis na hairteagail le linn Uachtaránacht na Spáinne agus Uachtaránacht na Beilge, i bhfoirm liosta agus íomhá (arna dhéanamh an 4.6.2024).

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Iarscríbhinn 1 Pacáiste Athchóirithe an Aontais Custaim – An chéad anailís a rinneadh sa Mheitheal um an Aontas Custaim (stádas na caibidle an 4 Meitheamh 2024)

| **Stádas** | **Teideal** | **Ainm na Caibidle** | **Iomlán na n-Airteagal** | **Airteagail atá réitithe** |
|---|---|---|---|---|
| Réitithe | I Forálacha ginearálta | Cinntí custaim | 13 | 13 |
| | II Oibleagáidí agus cearta | Clárú | 1 | 1 |
| | | Allmhaireoir agus allmhaireoir measta | 2 | 2 |
| | | Onnmhaireoir | 1 | 1 |
| | | AEO agus iontaoibh agus seiceáil | 4 | 4 |
| | | Ionadaíocht chustaim | 2 | 2 |
| | IV Maoirseacht chustaim, rialuithe agus bainistiú riosca | Maoirseacht chustaim | 2 | 2 |
| | | Rialuithe custaim | 7 | 7 |
| | | Bainistiú riosca custaim | 6 | 6 |
| | V Earraí a chur faoi nós imeachta custaim | Stádas custaim earraí | 3 | 3 |
| | | Earraí a chur faoi nós imeachta custaim agus scaoileadh | 4 | 4 |
| | | Forálacha idirthréimhseacha | 12 | 12 |
| | | Diúscairt earraí | 4 | 4 |
| | VI Earraí a thugtar isteach sa chríoch chustaim | Réamhfhaisnéis lasta | 9 | 9 |
| | | Scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta | 2 | 2 |
| | | Faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí | 4 | 4 |


PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | VII Earraí a thugtar amach as an gcríoch chustaim | Imeacht earraí agus nós imeachta onnmhairithe | 7 | 7 |
| | VIII Nósanna imeachta speisialta | Forálacha ginearálta | 9 | 9 |
| | | Idirthuras | 8 | 8 |
| | | Úsáid shonrach | 4 | 4 |
| | | Stóráil | 14 | 14 |
| | XI Bearta sriantacha agus bainistiú géarchéime | Bearta sriantacha | 2 | 2 |
| | | Sásra bainistithe géarchéime | 2 | 2 |
| | XII Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh | Prionsabail | 3 | 3 |
| | | Cúraimí | 3 | 3 |
| | | Eagrú Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh | 11 | 11 |
| | | Bunú agus struchtúr an bhuiséid | 7 | 7 |
| | | Forálacha maidir le foireann | 3 | 3 |
| | | Forálacha Ginearálta agus Críochnaitheacha | 7 | 7 |
| | XIII Comhar custaim | Comhar custaim | 6 | 6 |
| | XIV Sáruithe agus smachtbhannaí neamhchoiriúla | Forálacha ginearálta | 7 | 7 |
| | | Sáruithe custaim agus smachtbhannaí neamhchoiriúla | 3 | 3 |
| | XV Forálacha críochnaitheacha | Tomhas feidhmíochta | 2 | 2 |
| | Cóireáil taraife shimplithe agus faoiseamh ó dhleacht chustaim | Cóireáil taraife shimplithe agus faoiseamh ó dhleacht chustaim | 3 | 3 |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Níor cuireadh tús leis | IX Rangú earraí de réir taraife, tionscnamh agus luach | Comhtharaif Custaim agus rangú earraí de réir taraife | 2 | 0 |
| | | Tionscnamh earraí | 5 | 0 |
| | | Luach earraí chun críocha custaim | 7 | 0 |
| | X Fiacha custaim agus ráthaíochtaí | Fiach custaim a thabhú | 11 | 0 |
| | | Ráthaíocht i leith fiach custaim | 10 | 0 |
| | | Aisghabháil, íocaíocht, aisíocaíocht agus loghadh | 19 | 0 |
| | | Fiach custaim a mhúchadh | 2 | 0 |
| | XV Forálacha críochnaitheacha | Faireachán, meastóireacht agus tuairisciú | 2 | 0 |
| | | Comhshó airgeadra agus teorainneacha ama | 2 | 0 |
| | | Tarmligean cumhachta agus an nós imeachta coiste | 2 | 0 |
| | | Forálacha críochnaitheacha | 3 | 0 |
| Leanúnach | I Forálacha ginearálta | Raon feidhme agus misean | 4 | 2 |
| | | Sainmhínithe | 1 | 0 |
| | III Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh | Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh | 12 | 5 |
| | VIII Nósanna imeachta speisialta | Próiseáil | 9 | 4 |

PUBLIC



Done
Not started
Ongoing
Processing
9
Monitorin...
Final...
Ongoing
Not started
X Customs debts and guarantees
Incurrence of a customs...
XII The EU Customs Authority
Storage
14
VIII Special procedures
Transit
8
Transitional provisions
12
Done
VI Goods brough...
Relief...
I General provisions
Customs decisions
13
XIV...
XI...